Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2026/951

21.5.2026

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 11/2026**

**an 6 Feabhra 2026**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2026/951]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2025/2225 ón gCoimisiún an 5 Samhain 2025 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le L-tréónáit mhaignéisiam a úsáidtear mar fhoinse mhaignéisiam i monarú forbhianna ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán (AE) 2025/2240 ón gCoimisiún an 5 Samhain 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1442 a mhéid a bhaineann leis na bearta idirthréimhseacha le haghaidh ábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha a mhonaraítear le haigéad salaicileach nó le plúr adhmaid neamhchóireáilte nó snáithíní adhmaid neamhchóireáilte ([2]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Is le reachtaíocht maidir le hábhair bhia a bhaineann an Cinneadh seo. An reachtaíocht a bhaineann le hábhair bhia, ní bheidh feidhm aici maidir le Lichtinstéin fad a bheidh cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta leathnaithe chun Lichtinstéin a chumhdach, mar a shonraítear i réamhrá Chaibidil XII d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE. Dá bhrí sin, níl feidhm le bheith ag an gCinneadh seo maidir le Lichtinstéin.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Caibidil XII d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE, leasaítear í mar a leanas:

1. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 54zzi (Treoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle):

   '— **32025 R 2225**: Rialachán (AE) 2025/2225 ón gCoimisiún an 5 Samhain 2025 (IO L, 2025/2225, 6.11.2025).'

2. Cuirtear an méid seo a leanas sa chúigiú fleasc déag (Rialachán (AE) 2023/1442 ón gCoimisiún) de phointe 55 (Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 ón gCoimisiún):

   ', arna leasú le:

   — **32025 R 2240**: Rialachán (AE) 2025/2240 ón gCoimisiún an 5 Samhain 2025 (IO L, 2025/2240, 6.11.2025).'

*Airteagal 2*

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin (AE) 2025/2225 agus (AE) 2025/2240 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L, 2025/2225, 6.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2225/oj.
([2]) IO L, 2025/2240, 6.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2240/oj.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 7 Feabhra 2026, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile dá bhforáiltear faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Feabhra 2026.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*
*An tUachtarán*
Nicolas VON LINGEN

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.